**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**2022/0232(COD)** | **PE-CONS 68/22**

**TRANS 749**
**CODEC 1856**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear inIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle |

**RIALACHÁN (AE) 2022/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] Tuairim an 26 Deireadh Fómhair 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Deireadh Fómhair 2022...(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ....

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún araon sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1], go bhfuil siad tiomanta do reachtaíocht an Aontais a nuashonrú agus a shimpliú.

(2) Is iomchuí *acquis* an Aontais a scrúdú go rialta chun go bhféadfar é a nuashonrú agus, i gcás inár féidir, laghdú a dhéanamh ar an méid atá ann.Nuair a dhéantar reachtaíocht atá imithe i léig a aisghairm cuidítear le creat reachtach an Aontais a choinneáil trédhearcach, soiléir agus éasca le húsáid ag na Ballstáit agus agna páirtithe leasmhara.

(3) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle[2], ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre, agus ar thorthaí a bhaineann le húsáid bhonneagair den sórt sin.

(4) Tá forálacha agus sainmhínithe atá imithe i léig i Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 agus tá sé ar neamhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais is déanaí agus atá i bhfeidhm faoi láthair lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar shonraí infheistíochta bonneagair iompair agus ar úsáid bonneagair.

---

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle an 4 Meitheamh 1970 lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta le haghaidh caiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (IO L 130, 15.6.1970, lch. 4).

(5) Tá baint ag Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 le deacrachtaí iomarcacha riaracháin i ndáil leis na sonraí a bhailiú a cheanglaítear leis an Rialachán sin. Ó bhí 2005 ann, níor sholáthair ach ceithre Bhallstát sonraí den sórt sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a aisghairm chun deireadh a chur le neamhréireachtaí i ndlíchóras an Aontais agus chun rannchuidiú le simpliú ar reachtaíocht an Aontais trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig anois.

(7) Ós rud é go gcuirtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiúin[1], rachaidh an cuspóir atá leis in éag le haisghairm Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 a aisghairm freisin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2006 lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2006, lch. 3).

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1108/70 agus (CE) Uimh. 851/2006.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*